

POBLACHT NA FRAINCE

An Aireacht um an Aistriú
Éiceolaíoch, an Bhithéagsúlacht,
Foraoisí, an Fharraige agus an Iascach

Foraithne Uimh. maidir leis na Modhanna chun Costas Comhshaoil Táirgí Teicstíle a Ríomh agus a Thuairisciú

NOR:

Spriocphobal: aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ríomhann nó a thuairiscíonn go deonach ar chostas comhshaoil táirgí teicstíle, lena n-áirítear monaróirí, allmhaireoirí nó margóirí na dtáirgí sin, agus aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thuairiscíonn go deonach ar scór comhiomlán a bhaineann le tionchar comhshaoil amháin nó níos mó atá ag táirge teicstíle.

Ábhar: modhanna chun costas comhshaoil táirgí teicstíle a ríomh agus a thuairisciú.

Teacht i bhfeidhm: tiocfaidh an téacs i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

Feidhmchlár: glactar an foraithne de bhun Airteagal 2 de Dhlí an 22 Lúnasa 2021 maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus athléimneacht in aghaidh a éifeachtaí a chothú.

An Príomh-Aire,

Maidir leis an tuarascáil ón Aire Geilleagair, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíche agus Digití agus ón Aire um Aistriú Éiceolaíoch, Bithéagsúlacht, Foraoisí, an Fharraige agus Iascach;

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2011 maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus marcáil táirgí teicstíle i ndáil lena gcomhdhéanamh snáithíneach;

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise; in éineacht leis an bhFógra Uimh. XXX a seoladh chuig an gCoimisiún Eorpach an XXX;

Ag féachaint don Chód Comhshaoil, go háirithe Airteagail L. 541-9-11 go L. 541-9-

15;

Ag féachaint don Chód Tráchtála, go háirithe Airteagal L. 151-1 de;

Ag féachaint don Chód um Maoin Intleachtúil, go háirithe Airteagal L 711-1 de;

Ag féachaint don Chód Caidrimh idir an Pobal agus an Riarachán;

Ag féachaint do Dhlí Uimh. 2021-1104 an 22 Lúnasa 2021 maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus athléimneacht i gcoinne a éifeachtaí a neartú, go háirithe Airteagal 2 de;

Ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl;

Ag féachaint do na barúlacha a tugadh le linn an chomhairliúcháin phoiblí a rinneadh idir an 28 Samhain agus an 19 Nollaig 2024, de bhun Airteagal L. 123-19-1 den Chód Comhshaoil;

Tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Stáit,

Foraithníonn sí leis seo:

Airteagal 1

I dTeideal IV de Leabhar V de Chaibidil I de Roinn 9 den Chuid Rialála den Chód Comhshaoil, cuirtear isteach fo-alt 6 mar a leanas:

‘Fo-alt 6

‘An costas comhshaoil is infheidhme maidir le táirgí teicstíle a ríomh agus a thuairisciú

Airteagal R. 541-240. – Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le táirgí teicstíle nua nó athmhonaraithe a chuirtear ar an margadh náisiúnta atá beartaithe don tomhaltóir agus arna sainiú le hordú na n-airí atá freagrach as an gcomhshaoil agus as an ngeilleagar.

Airteagal R. 541-241. – Faisnéis maidir leis an tionchar atá ag táirge ar an gcomhshaoil, dá dtagraítear in Airteagal L. 541-9-11, is ionann í agus slánuimhir níos mó ná nialas, arna sloinneadh mar phointí tionchair, agus dar teideal ‘costas comhshaoil’.

‘I gcás ina gcuirfidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó margóir eile an tomhaltóir ar an eolas go deonach, beidh an costas comhshaoil inrochtana tráth cheannach an táirge faoi choinníollacha Airteagal R.541-246 agus Airteagal R.541-247.

Baineann an costas comhshaoil le gach tagairt táirge. Tá sé bunaithe ar shamhaltú ar thionchair chomhshaoil uile an táirge, a bhreithnítear ar feadh a shaolré.

‘Airteagal R 541-242.- Chun críocha an fho-ailt seo, beidh feidhm ag na mínithe seo a leanas:

‘1) “Cur ar an margadh”: an chéad uair a chuirtear táirge ar fáil ar an margadh náisiúnta;

‘2) “Monaróir”: aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a dhearann agus a mhargaíonn é faoina ainm nó faoina thrádmharc féin;

‘3) “Allmhaireoir”: aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann táirge ó Bhallstát eile den Aontas Eorpach nó ó thríú tír ar an margadh náisiúnta;

‘4) “Tagairt”: an leagan de tháirge ina bhfuil na saintréithe teicniúla céanna ag na haonaid go léir, amhail dath, comhdhéanamh ábhair, cruth agus uigeacht, gan athruithe ar mhéid a áireamh;

‘An téarma “athmhonarú” a thuigfear i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos.

‘An téarma “trádmharc” tuigtear é i gcomhréir le hAirteagal L. 711-1 den Chód um Maoin Intleachtúil.’

Airteagal R. 541-243. – Aon duine dlítheanach nó nádúrtha a ríomhann nó a nochtann an costas comhshaoil go deonach, gan beann ar an meán fisiceach nó dí-ábharaithe a úsáidtear, comhlíonfaidh sé an mhodheolaíocht a leagtar amach in Airteagal R. 541-245, na hoibleagáidí maidir le faisnéis a chur ar fáil agus a tharchur a leagtar síos in Airteagail R. 541-246 agus R. 541-250, mar aon leis na socruithe maidir le cur i láthair a leagtar síos in Airteagal R. 541-247.

Airteagal R. 541-244. – Aon duine dlítheanach nó nádúrtha a thuiriscíonn go deonach ar scór a bhaineann le tionchar comhshaoil amháin nó níos mó atá ag táirge teicstíle, ní mór dó tuairisc a thabhairt freisin ar an gcostas comhshaoil. Níor cheart go mbeadh an scór contrártha ná mearbhall i ndáil leis an gcostas comhshaoil. Féadfaidh ordú ó na hAirí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar na híoscheanglais atá le comhlíonadh a shonrú chun comhsheasmhacht na faisnéise a léiriú.

‘Go dtí [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm Fhoraithe Uimh.], ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin ach amháin má tá an monaróir, an t-allmhaireoir nó an margóir tar éis costas comhshaoil a dtáirge a ríomh agus a chur ar fáil ar an tairseach thiomnaithe.

Airteagal R. 541-245. – Déantar an costas comhshaoil a ríomh i gcomhréir le modheolaíocht arna leagan síos le hordú ó na hairí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar agus sonraítear é i bhfógra modheolaíochta arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na n-airachtaí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar.

‘Sonraítear sa mhodheolaíocht seo an samhaltú ar a bhfuil ríomh an chostais chomhshaoil bunaithe. Is éard atá sa samhaltú seo comhiomlánú táscairí a bhaineann le tionchair chomhshaoil uile táirgí teicstíle, a bhreithnítear ag gach céim de shaolré an táirge. Áirítear sa saolré céimeanna táirgthe na n-amhábhar, na céimeanna próiseála, an chéim dáilte, an chéim úsaíde, agus an chéim deireadh ré.

‘Sonraítear sa mhodheolaíocht na paraiméadair thagartha atá san áireamh sa samhaltú.

‘Sonrófar ann na paraiméadair thagartha don tsamhaltú atá le soláthar ag an duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann ríomh an chostais chomhshaoil. Is iad seo a leanas na paraiméadair sin, *ar a laghad*, cineál agus mais an táirge, cineál agus céatadán na n-amhábhar, tionscnamh geografach na céime táirgthe. Chun na paraiméadair sin a iontráil, úsáideann an duine a dhéanann an ríomh sonraí a bhaineann go sonrach leis an táirge nó tagairt táirge, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa mhodheolaíocht.

‘Sonróidh an mhodheolaíocht freisin na paraiméadair thagartha maidir le samhaltú a fhéadfaidh an duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann ríomh an chostais chomhshaoil a sholáthar. Chun na paraiméadair sin a iontráil, úsáideann an duine a dhéanann an ríomh sonraí a bhaineann go sonrach leis an táirge nó tagairt táirge, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa mhodheolaíocht. In éagmais sonraí den sórt sin, soláthróidh sé luach réamhshocraithe, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa mhodheolaíocht.

‘D’fhéadfadh paraiméadair bhreise i dteannta na bparaiméadar thagartha a bheith i gceist le ríomh an chostais chomhshaoil, faoi choinníollacha arna leagan síos in ord na n-airí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar agus sonraítear é i bhfógra modheolaíochta

arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na n-aireachtaí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar.

Airteagal R 541-246. – Gan dochar d’fhorálacha Airteagal L. 151-1 den Chód Tráchtála, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thuiriscíonn costas comhshaoil táirge, cuirfidh sé an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal, lena n-áirítear aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fhéadfaidh an costas comhshaoil a thuirisciú, sula dtuirisceofar an costas comhshaoil:

‘1) an costas comhshaoil arna ríomh i dtéarmaí líon na bpointí tionchair;

‘2) miondealú ar chostas comhshaoil an táirge de réir na gcatagóirí tionchair a liostaítear de réir ord na n-airí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar, chomh maith leis an gcomhéifeacht inbhuanaitheachta dá bhforáiltear sa mhodheolaíocht;

‘3) faisnéis a bhaineann le sainithint thagairtí na dtáirgí lena mbaineann, chomh maith leis an dáta a cuireadh an tagairt ar an margadh;

‘4) an dáta a ndéantar an ríomh ar an gcostas comhshaoil, cineál dlíthiúil an duine a rinne an ríomh, agus an leagan comhfhreagrach den mhodheolaíocht a úsáideadh.

‘Déantar an scaipeadh poiblí seo ar tairseach arna hainmniú le hordú na n-airí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar agus ní mór í a bheith ar fáil sula ndéanfar an costas comhshaoil a thuirisciú.

‘Déantar na sonraí a tharchur agus a fhoilsiú faoi fhreagracht an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a dhéanann an ríomh, i gcomhréir le scéimre sonraí atá ar fáil ar an tairseach seo. Sonrófar in ordú ó na hairí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar, i gcás inar gá, na socruithe teicniúla chun an scéim sonraí a chur chun feidhme.

‘Féadfar na sonraí sin a athúsáid ar an mbealach a leagtar síos i dTeideal II de Leabhar III den Chód don Chaidreamh idir an Pobal agus an Riarachán agus faoi théarmaí an cheadúnais oscailte a luaitear in Airteagal D. 323-2-1(I)(1) den chód céanna.

‘Airteagal R 541-247. – Déanfar an costas comhshaoil a thíolacadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus leis an gcomharthaíocht a leagfar síos le hordú ó na hairí atá freagrach as an gcomhshaol agus as an ngeilleagar.

‘I gcás inarb iomchuí, áireofar leis na nósanna imeachta sin agus leis an gcomharthaíocht sin sainiúlachtaí a bhaineann leis an gcineál cumraíochta a úsáideadh chun an ríomh a dhéanamh.

‘Airteagal R 541-248. – Ón [*bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm Fhoraithe Uimh.*], tuairisciú ar chostas comhshaoil arna ríomh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir é agus an monaróir, allmhaireoir nó margóir, déantar é, ar bhonn na sonraí atá ar fáil nó ar bhonn na sonraí a mheastar ó na sonraí atá ar fáil, gan an dara ceann a dtoiliú a thabhairt.

‘Má rinne an monaróir, an t-allmhaireoir nó an margóir costas comhshaoil a dtáirge a ríomh agus a chur ar fáil ar an tairseach thiomnaithe, ceanglaítear ar na daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile a thuiriscíonn ar chostas an táirge sin tagairt a dhéanamh don ríomh sin. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh siad cur i láthair an chostais chomhshaoil a thabhairt cothrom le dáta laistigh de thréimhse nach faide ná aon mhí amháin.

‘Airteagal R 541-249. – Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ríomhann costas comhshaoil táirge, i gcás inarb iomchuí, an ríomh sin a nuashonrú uair amháin gach trí mhí ar a mhéad.

‘I gcás athruithe ar an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal R. 541-245, ceanglaítear ar an duine ríomh agus infhaighteacht na faisnéise a nuashonrú, laistigh de thréimhse nach faide

ná 12 mhí, agus gan dochar don fhomhír roimhe seo, lena sonrófar dáta an nuashonraithe. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid nuashonrú a dhéanamh i gcás ina ndearnadh an tuairisciú roimhe sin, trí bhíthin marcáil nó lipéadú, ar an táirge nó ar a phacáistíocht.

‘Airteagal R 541-250. – Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ríomhann nó a thuairiscíonn an costas comhshaoil a shainmhínítear in Airteagal R. 541-241 déanfaidh sé an fhaisnéis is gá chun údar a thabhairt leis an ríomh a rinneadh a chur ar fáil do ghníomhairí rialaithe faoi Airteagal L. 511-7 den Chód Tomhaltóirí.

‘Sula dtuairisceofar an costas comhshaoil, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ríomhann an costas comhshaoil a shainmhínítear in Airteagal R. 541-241, soláthróidh sé faisnéis maidir leis an liosta de na paraiméadair thagartha agus chomhlántacha a úsáideadh agus na sonraí sonracha a slógadh, ar thairseach dhigiteach thiomnaithe a bhfuil rochtain ag údarais phoiblí uirthi, arna hainmniú le hordú na n-airí atá freagrach as an gcomhshaoil agus as an ngeilleagar. ‘Sonróidh an tOrdú seo, más gá, na socruithe teicniúla chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.’

Airteagal 2

Beidh an tAire Geilleagair, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíche agus Digití agus an tAire um Aistriú Éiceolaíoch, Bithéagsúlacht, Foraoisí, an Fharraige agus Iascach freagrach, a mhéid a bhaineann siad le gach ceann acu, as cur chun feidhme na Forairthne seo, a fhoilseofar san *Iris Oifigiúil* Phoblacht na Fraince.

Ag an bPríomh-Aire:

An tAire um an nGeilleagar, Airgeadas agus Ceannasacht Thionsclaíoch agus Dhigiteach

Eric LOMBARD

An tAire um Aistriú Éiceolaíoch, Bithéagsúlacht, Foraoisí, an Fharráige, agus Iascach

Agnès PANNIER-RUNACHER